



Preas agus Eolas

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
PREASEISIÚINT Uimh. 29/22
Lucsamburg, 22 Feabhra 2022

Breithiúnas i gcás C-160/20
Stichting Rookpreventie Jeugd e.a.

Toitíní le scagaire: tá an modh arna bhunú ag ISO chun uasleibhéil astaíochta tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin a chinneadh, dá dtagraítear i ndlí an Aontais Eorpaigh, bailí agus infheidhmithe i gcoinne táirgeoirí toitíní

Ós rud é nach bhfuil sé foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, níl an modh sin ina cheangal ar dhaoine aonair i gcoitinne, amhail comhlachais chun sláinte tomhaltóirí a chosaint.

I mí Iúil agus i mí Lúnasa 2018, chuir Stichting Rookpreventie Jeugd (Fondúireacht um chosc ar chaitheamh tobac i measc daoine óga, an Ísiltír) agus 14 eintiteas eile (“na hiarratasóirí”) iarratas ar urghaire chuig Nederlandse Voedsel- en Warenautoriteit (Údarás rialaithe táirgí bia agus tomhaltóirí na hÍsiltíre). D'iarr na hiarratasóirí ar an údarás sin, ar an gcéad dul síos, a áirithiú go gcomhlíonadh toitíní le scagaire a thairgtear do thomhaltóirí san Ísiltír, nuair a úsáidtear iad chun na críche atá beartaithe dóibh, na huasleibhéil astaíochta tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin a leagtar síos le Treoir 2014/40¹ agus, ar an dara dul síos, a ordú do mhonaróirí, d'allmhaireoirí agus do dháileoirí táirgí tobac, toitíní le scagaire nach gcomhlíonann na huasleibhéil astaíochta sin a tharraingt siar ón margadh.

Bhí an cinneadh diúltú don iarratas sin ina ábhar d'achomharc riaracháin a chuir na hiarratasóirí faoi bhráid an Státrúnaí. Tar éis an chaingean sin a dhíbhe, thug na hiarratasóirí caingean bhreithiúnach os comhair an Rechtbank Rotterdam (Cúirt Rotterdam, an Ísiltír). D'éiligh siad nach gceanglaítear le hAirteagal 4(1) de Threoir 2014/40² go n-úsáidfí modh sonrach chun leibhéil astaíochta a thomhas agus gur léir, inter alia, ó staidéir éagsúla, gur chóir modh tomhais eile (ar a dtugtar “Canadian Intense”) a chur i bhfeidhm chun na leibhéil astaíochta bheachta a chinneadh do thoitíní le scagaire a úsáidtear chun na críche atá beartaithe dóibh.

Rinne cúirt Rotterdam tarchur chun réamhrialú chuig an gCúirt a bhain go háirithe le bailíocht Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40 ag féachaint do phrionsabal na trédhearcachta³, roinnt forálacha de dhlí an Aontais Eorpaigh⁴ agus do Chreat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac⁵.

¹ Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE (IO 2014 L. 127, Ich. 1). Leagtar síos in Airteagal 3(1) den Treoir sin na huasleibhéil astaíochta tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin do thoitíní a chuirtear ar an margadh nó a mhonaraítear sna Ballstáit (“na huasleibhéil astaíochtaí a leagtar síos i dTreoir 2014/40”).

² De réir Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40, “Déanfar astaíochtaí tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin ó thoitíní a thomhas bunaithe ar chaighdeán ISO 4387 do tharra, ar chaighdeán ISO 10315 do nicitín agus ar chaighdeán ISO 8454 d'aonocsaíd charbóin. Cinnfear cruinneas tomhais tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin de réir chaighdeán ISO 8243.”

³ Dá bhforáiltear in Airteagail 1(2) agus 10(3) CAE, in Airteagail 15(1) agus 298(1) CFAE, agus in Airteagal 42 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (“an Chairt”) freisin.

⁴ Airteagail 114(3) agus 297(1) CFAE, Rialachán (AE) Uimh. 216/2013 ón gComhairle an 7 Márta 2013 maidir le foilsíú leictreonach *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (IO 2013 L 69, Ich. 1) agus Airteagail 24 agus 35 den Chairt.

⁵ Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac (“CCRT”), a tugadh chun críche sa Ghinéiv an 21 Bealtaine 2003, a bhfuil an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ina bpáirtithe ann.

Trína breithiúnas, arna thabhairt ag an Mór-Dhlísheomra, deimhníonn an Chúirt bailíocht na forála sin, ag glacadh leis go gcomhlíontar léi go háirithe prionsabail agus forálacha dhlí an Aontais Eorpaigh agus an dlí idirnáisiúnta dá dtagraítear sa tarchur chun réamhrialú ⁶.

Breithniú na Cúirte

Ar an gcéad dul síos, rialaíonn an Chúirt nach mór, faoi Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40, na huasleibhéil astaíochta a leagtar síos leis an Treoir sin do thoitíní a bheartaítear a chur ar an margadh nó a mhonarú i mBallstáit, a thomhas ag baint úsáid as na modhanna tomhais a eascraíonn as caighdeáin ISO dá dtagraíonn an fhoráil sin. Tagraítear san fhoráil sin i dtéarmaí sainordaitheacha do na caighdeáin ISO sin agus ní luaitear aon mhodh tomhais eile.

Ar an dara dul síos, déanann an Chúirt anailís, ar dtús, ar bhailíocht Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40 i bhfianaise phrionsabal na trédhearcachta. I dtaca leis sin, cuireann sí in iúl, cé go dtagraítear san fhoráil sin do chaighdeáin ISO nár foilsíodh san Iris Oifigiúil, nach ndéantar foráil inti maidir le haon srian a bhaineann le rochtain ar na caighdeáin sin, lena n-áirítear tríd an rochtain seo a chur faoi réir comhdú iarratais arna dhéanamh faoi na forálacha a bhaineann le rochtain phoiblí ar dhoiciméid na n-institiúidí Eorpacha ⁷. Ansin, maidir le bailíocht Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40 i bhfianaise Rialachán Uimh. 216/2013 ⁸, tugann an Chúirt dá haire nach féidir, faoin gcásdlí, dlíthiúlacht inmheánach na teorach sin a scrúdú i bhfianaise an rialacháin sin. Ar deireadh, maidir le bailíocht Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40 i bhfianaise Airteagal 297(1) CFAE ⁹, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, tugann an Chúirt dá haire go bhféadfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh, i bhfianaise an rogha leathan atá aige maidir leis na cumhachtaí a thugtar dó a fheidhmiú nuair a bhaineann lena ghníomhaíocht roghanna de chineál polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta agus nuair a iarrtar air measúnuithe agus meastóireachtaí casta a dhéanamh, tagairt a dhéanamh, sna gníomhartha a ghlacann sé, do chaighdeáin theicniúla arna mbunú le comhlacht um chaighdeánú, amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO).

Sonraíonn an Chúirt, áfach, go gceanglaítear le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla go mbeidh an tagairt do chaighdeáin den sórt sin soiléir, beacht agus intuartha maidir lena héifeacht, ionas gur féidir leis na daoine lena mbaineann a mbealach a fháil i gcásanna agus i gcaidreamh dlíthiúil a thagann faoi réim chóras dlí an Aontais Eorpaigh. Sa chás sin, measann an Chúirt, ós rud é go gcomhlíontar leis an tagairt a dhéantar in Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40 do chaighdeáin ISO an ceanglas sin agus gur foilsíodh an Treoir sin san Iris Oifigiúil, de bharr go dtagraítear leis an bhforáil sin do chaighdeáin ISO nár foilsíodh, ag an bpointe seo, ní féidir leis an bhfóras sin amháin bailíocht na forála sin a chur faoi amhras.

Mar sin féin, maidir le hin-fhorfheidhmitheacht chaighdeáin ISO i gcoinne daoine aonair, cuireann an Chúirt in iúl, i gcomhréir le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, nach mbeidh na caighdeáin sin, arna ndéanamh éigeantach le gníomh reachtach de chuid an Aontais Eorpaigh, ina gceangal ar dhaoine aonair i gcoitinne ach amháin má fhoilsítear iad féin san Iris Oifigiúil. Mar sin, in éagmais na gcaighdeán dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40 a fhoilsiú san Iris Oifigiúil, ní bheidh daoine aonair in ann eolas a bheith acu ar na modhanna chun na leibhéil astaíochta a leagtar síos leis an Treoir sin do thoitíní a thomhas. Ar an taobh eile, maidir le hin-fhorfheidhmitheacht chaighdeáin ISO i gcoinne gnóthas, cuireann an Chúirt in iúl, a mhéid a bhfuil rochtain ag gnóthais ar an leagan oifigiúil agus barántúil de na caighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40, tríd an gcaighdeánú náisiúnta, tá na caighdeáin sin ina gceangal orthu.

⁶ Go háirithe, Airteagal 5(3) CCRT.

⁷ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 2001, L 145, Ich. 43).

⁸ Leagtar síos go háirithe i Rialachán (AE) Uimh. 216/2013 na rialacha a bhaineann le foilsiú gníomhartha de dhlí an Aontais Eorpaigh san Iris Oifigiúil.

⁹ Faoin bhforáil seo, "foilsítear gníomhartha reachtacha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an dáta a socrófar iontu nó, a mhalairt, ar an bhfichiú lá tar éis a bhfoilsithe".

Ar an trídú dul síos, maidir le bailíocht Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40 i bhfianaise Airteagal 5(3) de CCRT ¹⁰, tugann an Chúirt dá haire nach gcuirtear leis an bhforáil deiridh sin cosc ar rannpháirtíocht thionscal an tobac i sainmhíniú agus i gcur i bhfeidhm rialacha um rialú tobac, ach beartaítear leis an bhforáil sin amháin cosc a chur ar bheartais rialaithe tobac na bpáirtithe sa choinbhinsiún sin dul i bhfeidhm ar leasanna an tionscail sin. Dá bhrí sin, ní chuireann rannpháirtíocht thionscal an tobac i mbunú na gcaighdeán atá i gceist leis an ISO amhras faoi bhailíocht Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40.

Ar an gceathrú dul síos, maidir le bailíocht Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40 i bhfianaise an riachtanais atá le hardleibhéal cosanta do shláinte an duine ¹¹ agus Airteagail 24 agus 35 den Chairt ¹², cuireann an Chúirt in iúl, de réir cásdlí socair, nach féidir bailíocht na forála sin de Threoir 2014/40 a mheasúnú ar bhonn staidéar atá luaite ag an gcúirt a rinne an tarchur san iarratas ar réamhrialú. Rinneadh na staidéir sin tar éis an 3 Aibreán 2014, an dáta ar glacadh an Treoir sin.

Ar an gcúigiú dul síos agus ar deireadh, sonraíonn an Chúirt na saintréithe nach mór a bheith ag an modh tomhais astaíochtaí toitíní a úsáid, chun comhlíonadh na n-uasleibhéal astaíochtaí a leagtar síos le Treoir 2014/40 a fhíorú, i gcás nach mbeadh an tagairt a dhéantar in Airteagal 4(1) do chaighdeán ISO ina ceangal ar dhaoine aonair. Dá bhrí sin, measann sé nach mór an modh sin a bheith iomchuí, i bhfianaise forbairtí eolaíocha agus teicniúla nó caighdeán arna nglacadh go hidirnáisiúnta, chun leibhéil na n-astaíochtaí a scaoiltear nuair a úsáidtear toitín chun na críche atá beartaithe dó a thomhas, agus caithfidh sé a bheith bunaithe ar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine, go háirithe do dhaoine óga. Ní mór do shaotharlanna arna bhformheas agus arna maoirsiú ag údaráis inniúla na mBallstát, dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 2014/40, cruinneas na dtomhas a fhaightear tríd an modh sin a fhíorú. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé a mheasúnú an gcomhlíontar leis na modhanna a úsáidtear iarbhrí chun leibhéil astaíochta a thomhas Treoir 2014/40, gan Airteagal 4(1) den Treoir sin a chur san áireamh.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cas a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán](#) an bhreithiúnais ar shuíomh Gréasáin CURIA lá an fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

¹⁰ Foráiltear leis an bhforáil seo go gcinnteoidh na páirtithe sa choinbhinsiún sin, le linn dóibh a mbeartais sláinte poiblí maidir le rialú tobac a shainiú agus a chur chun feidhme, nach mbeidh tionchar ag leasanna thionscal an tobac ar na beartais sin, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

¹¹ Dá bhforáiltear go háirithe in Airteagal 114(3) CFAE.

¹² Baineann Airteagal 24 den Chairt le cearta an linbh. Baineann Airteagal 35 den Chairt le cosaint na sláinte.